# Spraoi le Geochláir

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche, nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm<br>• Réasúnaíocht - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán, cearnóg, dronuilleog, ciorcal, línte, díreach, cuar, cuartha, taobh, geochlár, banda, cóipeáil, saghas, méid, difriúil |
| **Áiseanna** | geochláir, bandaí, Uirlis Gheochláir Mol Mata |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

1. **Gníomhaíocht 1**
   Lig do na daltaí Geochláir Mol Mata nó fíor-gheochláir a úsáid chun geochláir a fhiosrú. Tabhair an deis do dhaltaí eolas a chur ar fheidhmiúlacht an gheochláir fhíorúil nó cleachtadh a dhéanamh leis na bandaí rubair.

2. **Gníomhaíocht 2**
   Léiríonn an múinteoir triantán mór ar an Uirlis Gheochláir Mol Mata agus iarrann sé ar na daltaí triantán mór a dhéanamh ar a gcuid geochlár. Réitíonn daltaí an geochlár agus iarrtar orthu méideanna agus suíomhanna difriúla a úsáid chun an oiread triantán agus is féidir leo a dhéanamh.

3. **Gníomhaíocht 3**
   Athdhéan Gníomhaíocht 2 ag úsáid cearnóg agus dronuilleog.

4. **Gníomhaíocht 4**
   Glaonn an múinteoir amach sraith treoracha agus leanann na daltaí iad chun cruth a dhéanamh. Ceistíonn an múinteoir na daltaí faoin gcruth a rinne siad.

5. **Gníomhaíocht 5**
   Déanann na daltaí dhá chruth dhifriúla ar a gcuid geochlár agus pléann siad na caíonna a bhfuil na cruthanna cosúil agus difriúil lena chéile. Roinneann na daltaí a gcruthanna ar an gclár bán agus pléann an rang airíonna na gcruthanna.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a rinne tú?<br>• Cé mhéad triantán/cearnóg/dronuilleog a rinne tú?<br>• Cé mhéad banda a d'úsáid tú chun gach cruth a dhéanamh?<br>• An bhfuil na triantáin ar fad mar an gcéanna? Muna bhfuil, conas atá siad difriúil?<br>• Cad iad na cruthanna a bhí deacair a dhéanamh? | • Cad iad na cruthanna is féidir leat a dhéanamh ag úsáid 5 bhanda?<br>• Conas atá an dá chruth difriúil? Conas atá an dá chruth mar an gcéanna?<br>• Dá gcasfá do chruthanna, conas a d'athródh sé sin do chruthanna?<br>• Ainmnigh gach cruth agus mínigh an fáth a bhfuil an t-ainm ar eolas agat. |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Cuir cruthanna ar fáil do na daltaí más gá.